



**Ard-Diplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil, 2021-22
Ard-Diplóma san Aistriúchán Dlíthiúil, 2021-22**

**Scrúdú Forlíontach na Nollag
Dé Luain, 12 Meán Fómhair 2022 (18h00-21h00)
Ní mór d'iarrthóirí gach ceist a fhreagairt**

Ceist 1

Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla:

Déanann Parlaimint na hEorpa dlíthe an Aontais a rith i gcomhpháirt leis an gComhairle ('Comhairle na nAirí') i gcuid mhaith réimsí beartais. Tá feidhm mhaoirseachta aici ar institiúidí eile an AE chomh maith, go háirithe ar an gCoimisiún agus cead aici an Coimisiún a bhriseadh as oifig. Déanann an Pharlaimint buiséad agus caiteachas an AE a fhormheas i gcomhpháirt leis an gComhairle. Tá trí ionad oibre ag Parlaimint na hEorpa: an Bhruiséil (sa Bheilg), Luchsamburg agus Strasbourg (sa Fhrainc).

Is iad saoránaigh an Aontais Eorpaigh a thoghann Parlaimint na hEorpa chun a leas a chosaint agus a chur chun cinn. Bunaíodh í sna 1950idí mar thionól comhairleach de bhun na gconarthaí bunaidh, agus ba iad parlaimintí na mBallstát a d'ainmnigh na feisirí an uair sin. Ó 1979 i leith is iad na saoránaigh atá á n-ionadú aici a thoghann na feisirí le vóta díreach.

Reáchtáiltear toghchán gach cúig bliana agus tá ceart ag gach saoránach de chuid an AE vóta a chaitheamh, agus a bheith ina iarrthóir i dtoghchán cibé áit san AE a bhfuil cónaí air. Tá 705 ball ag an bParlaimint as gach ceann de Bhallstáit an AE. Tá níos mó feisirí in aghaidh an vótora ag na tiortha beaga. Tá íosmhéid de sheisear feisirí in aghaidh an Bhallstáit agus uasmhéid de 96. Suíonn na feisirí de réir na ngrúpaí polaitíochta tras-Eorpacha seachas lena gcomhthírigh.

(35 marc)

Ceist 2

Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

The full effectiveness of Community rules would be impaired and the protection of the rights which they grant would be weakened if individuals were unable to obtain redress when their rights are infringed by a breach of Community law for which a Member State can be held responsible.

It follows that the principle whereby a State must be liable for loss and damage caused to individuals as a result of breaches of Community law for which the State can be held responsible is inherent in the system of the Treaty.

A further basis for the obligation of Member States to make good such loss and damage is to be found in Article 5 of the Treaty, under which the Member States are required to take all appropriate measures, whether general or particular, to ensure fulfilment of their obligations under Community law. Among these is the obligation to nullify the unlawful consequences of a breach of Community law (see, in relation to the analogous provision of Article 86 of the ECSC Treaty, the judgment in *Case 6/60 Humblet v. Belgium* [1960] E.C.R. 559).

It follows from all the foregoing that is a principle of Community law that the Member States are obliged to make good loss and damage caused to individuals by breaches of Community law for which they can be held responsible.

(50 marc)

Ceist 3

Cearaigh na hearráidí gramadaí agus litrithe go léir atá sa sliocht seo thíos (cúig cinn déag ar fad atá ann). Níl an phoncaíocht le hathrú.

Bainfear marcanna má ‘cheartaítéar’ nithe atá ceart.

Ní gá an sliocht iomlán a scríobh amach; i gcás gach earráide, scríobh síos an chuid den abairt ina bhfuil an leagan mícheart agus scríobh an leagan ceart thíos faoi.

Sampla:

Earráid

don Comhairle

An leagan ceart

don Chomhairle

D'iarr an iarratasóir sna phríomhimeachtaí ar an gcúirt náisiúnta dearbhú a thabhairt gur trasuíodh Treoir 2001/82 go mícheart i ndlí na hÉire agus go raibh sé d'oibleagáid ar Éireann a reachtaíocht náisiúnta a leasú ionas go tabharfaí an fhaisnéis dá dtagraítear sa treoir sin in dhá theanga oifigiúla an Stáit, is é sin le rá, i nGaeilge agus in Béarla araon, i gcás tárgí íocshláinte tréidliachta a cuirtear ar mhargadh an Stáit, leis an cló sa dá theanga den mhéad céanna, agus tosaíocht shoileir ag an Gaeilge, ós í an teanga náisiúnta agus an príomhtheanga oifigiúil í.

Tar éis di a chinneadh an 26 Iúil 2019 go raibh locus standi ag an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agus nach raibh forálacha na Treorach á gcomhlíonadh leis an reachtaíocht náisiúnta, thug an cúirt náisiúnta dá haire, áfach, go bhféadfaí, ón 28 Eanáir 2022, an faisnéis is gó ar an bpacáistiú a dréachtú i nGaeilge nó i mBéarla. D'fhiabraigh an chuírt sin, dá bhrí sin, an raibh disréid aici, gan an ordú arna lorg sa chaingean a dheonú.

(15 mharc)